GX2560

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDUITHE NA BLIANA 1999 - 2000

SEIMEASTAR 1

RAIDIÓ

Pádraig Ó Héalaí
Rónán Ó Dubhthaigh
Fionn Ó Sealbhaigh
Pádraic Ó Gaora

Freagair Roinn A agus trí cheist as Roinn B.

Maidir le Roinn A : Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

Maidir le Roinn B : Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

Dhá uair an chloig a cheadófar.

Roinn A

Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

1. Cé acu de na ráitis seo a leanas nach bhféadfadh a bheith fíor?
- **a)** Is féidir claontacht a thaispeáint i gcásanna faoi leith
- **b)** Is féidir cothromaíocht a thaispeáint i gcásanna faoi leith
- **c)** Ní féidir oibiachtúlacht a thaispeáint an t-am ar fad
- **d)** Is féidir oibiachtúlacht a thaispeáint an t-am ar fad

2. Cén cnaipe nó lasc a d'úsáidfeá chun aschur de mhaidhc a mhéadú?
- **a)** PAD
- **b)** An ceimnitheoir
- **c)** Neartú
- **d)** On

3. Cé acu de na foinsí eolais seo a leanas is fiúntaí?
- **a)** Seirbhísí Eolais an Rialtais
- **b)** Bladhmaire an Bhaile
- **c)** Aisíneachtaí Idirnáisiúnta (PA, AP, AFP)
- **d)** Comhlacht Caidrimh Phoiblí

4. Cén liosta de tréithe atá fíor faoi eagarthóireacht dublála?
- **a)** Neamhlíneach, digiteach, agus analógach
- **b)** Neamhlíneach, analógach agus isliú i gcaighdeán na fuaime is toradh air
- **c)** Líneach, analógach agus isliú i gcaighdeán na fuaime is toradh de air
- **d)** Líneach, digiteach agus ardú i gcaighdeán na fuaime is toradh air

5. Ar an deasc fuaime "DDA Interface" céard é an luach atá ag an dhá cnaipe "Lo – Mid" sa raon cothromú?

a) + / - 15dB ag 70Hz > 2.2 KHz
b) + / - 15dB ag 470Hz > 15 KHz
c) + / - 70Hz > 2.2 Khz ag 15dB
d) 80Hz agus gach minicíocht faoi

6. Cén t-eolas is ceadmhach a thabhairt i dtaobh duine a thabharfaí os chomhair na cúirte agus a chúiseofaí i gcoir thromchúiseach éigin?

a) A chúlra
b) A ainm, a s(h)eoladh agus an chúis
c) Coireanna eile ina bhfuarthas ciontach roimh sin é/í
d) Liosta finnéithe agus a gcuntas siúd

7. Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

a) Glaoitear beadchaint ar ráiteas clúmhillteach ar raidió
b) Glaoitear clúmhilleadh ar ráiteas aithiseach ar raidió
c) Is clúmhilleadh é ráiteas aithiseach a deirtear go díreach le duine
d) Is beadchaint é ráiteas aithisach a foilsítear sna meáin

8. Cén ceann de na minicióchtaí seo a leanas nach bhfuil sa dord?

a) 50 Hz
b) 0.07 Khz
c) 0.7 KHz
d) 120 Hz

9. Cé acu de na buanna seo a leanas is tábhachtaí a bheith ag iriseoir/tuairisceoir/nuachtóir?

a) Dánaíocht
b) Fiosracht
c) Amhras
d) Soineantacht

10. Cad é an meán luas cainte thar trí nóiméid go leith?

a) 90 focal in aghaidh an nóiméad
b) 90 focal in aghaidh an nóiméad go leith
c) 90 focal in aghaidh an leath nóiméad
d) 540 focal gach trí nóiméad

11. Ar an Marantz, cen tionchur atá ag an gcnaipe "Tone" fad is atá tú ag taifead?

a) Baineann sé an dord amach
b) Baineann sé an triobal amach
c) Tada
d) Meascann sé B agus C

12. Cé acu de na leabhair seo a leanas is mó tabhacht don iriseoir/nuachtóir?

a) Teascleabhar iriseoireachta
b) Leabhar gramadaí
c) Foclóir
d) Leabhar teagmhálacha (uimh. teileafón, seoltaí etc.)

13. Cén liosta páipéireachas a bhaineann leis an agallamh trí nóiméad?

a) Ord reatha, leathanach leide, lipéad
b) Leathanach leide, lipéad, tuairisc
c) Lipéad, script ceangail, am
d) Script ceangail, lipéid, leathanach leide

14. Cén cinéal maidhc a d'úsáidféa chun beirt aoi a thaifead ar maidhc amháin?

a) Maidhc croí-chruthach
b) Maidhc sár chroí-cruthach
c) Maidhc ocht-gcruthach nó uile threorach
d) Maidhc carabhat

15. Cé acu de na nithe seo a leanas is tábhachtaí i scéal nuachta teilifíse?

a) Pictiúir mhaithe
b) Eolas cruinn
c) Soiléireacht
d) Agallamh faoin ábhar

16. Ar lipéad míre ba cheart na nithe seo amháin a bheith léirithe

a) Script cheangailte, teideal na míre, ainm an duine a thaifead, fad, isteach/amach
b) Fadhbanna teicniúla, fad, isteach/amach
c) Teideal na míre, ainm an duine a thaifead, fad, isteach/amach
d) Teideal na míre, isteach/amach, fad

17. Céard é an gnáthraon minicíochta atá ag cluas duine?

a) Ó 20 dB go 20 Khz
b) Ó 0 dB go 130 dB
c) Ó 20 Hz go 20,000 Hz
d) Ó 20 Hz go 130 Khz

18. Cé acu de na cáilíochtaí seo is tábhtachtaí a bheith ag craoltóir nó ag léitheoir maith nuachta?

a) Soiléireacht
b) Sothuigthe
c) Teacht i láthair
d) Breáthacht

19. Ar an deasc fuaime "DDA Interface" cén lasc nó cnaipe a d'úsáidfeá chun éisteacht le maidhc gan é a chur amach ar an aer?

a) On
b) An ceimnitheoir
c) PFL
d) Monitor Level

20. Cén cnaipe nó lasc a bhaineann le cluaisíni aoi a dó ar an deasc fuaime "DDA Interface"?

a) Aux 2
b) On
c) Aux 1
d) Aux 3

Roinn B

Trí cheist le freagairt. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

1. Déan dearadh ar Chlog Raidió a bheidh in oiriúint do chlár irise leathuaire a bheadh á chraoladh ar Flirt FM am éigin idir a ceathair agus a sé a chlog. Sonraigh an leathuair a d'úsáid tú agus scríobh míniú ar pholaisí an chláir. Bíodh an eochair a ghabhann leis deartha agus in úsáid.

2. Mínigh céim ar chéim ag luaigh gach cnaipe agus sreang:
conas maidhc comhdlúthaí a chur ar súil;
conas tástáil fuaime go 0dB a dhéanamh air;
conas 3.5dB ag 743Hz a bhaint amach as;
agus conas é a chur chuig an príomh aschur.

Agus

Mínigh an tábhacht a bhaineann le léibhéal maith fuaime as fháil ar théip analógach.

3. (A) Scríobh script raidió trí nóiméid a mheallfadh daoine chun freastal ar an ADCF an bhliain seo chugainn.

Agus

(B) Déan cur síos ar na nithe ar fad ba ghá duit thabhairt san áireamh maidir le script a scríobh don raidió agus an script i gcuid (A) thuas á scríobh agat.

4. Tabhair dhá buntáiste agus dhá mí-bhuntáiste atá ag maidhc comhdlúthaí agus ag maidhc dinimiciúil.

Agus

Luaigh dhá phátrún polárach agus tabhair dhá shampla dóibh ag obair.

5. Dóiteán nó tine i dteach cónaithe... Baile na bhFuiseog, Contae na Chláir... teach dhá stór... teach feirmeora... líon tí nó teaghlach mór ann... briogáid dóiteáin i bhfoisceacht fiche míle den teach... abhainn nó loch i bhfoisceacht trí chéad slat... fuinneoga briste... gaoth láidir... drémire curtha suas in aghaidh an tí... maidin cheathach... gan aon stáisiún Gardaí ar an mbaile... is féidir teacht orthu ar an telefón i stáisiún Bhaile an Chlochair atá fiche míle ó bhaile... glaonna teileafóin déanta... téip curtha timpeall an tí ag Gardaí trí huaire a chloig tar éis na tubaiste... an sagart paróiste ar an láthair ag iarriadh ciall a chur i ngaolta agus i ndaoine muinteartha an teaghlaigh... daoine ag guí... triúr leanbh (páiste) marbh... iad á dtabhairt amach as an teach ar shínteáin de dhéanamh baile... athair agus máthair agus beirt eile clainne slán... plúchta ag deatach ach ag teacht chucu féin in ospidéal... mí-ádh ar an teaghlach céanna... paiteolaí an stáit ar a bhealach as Baile Átha Cliath... coinneal ar an matal... an chumhacht leictreachais scortha de bharr na drochaimsire.

Ag tarraingt ar na nodanna eolais sin thuas, scríobh ceannlíne nuachta nach faide na 20 soicind , a bheadh feiliúnach le craoladh.

Agus

Scríobh tuairisc nach faide ná nóiméad a bheadh bunaithe ar na nodanna céanna agus a bheadh feiliúnach le tuairisc bheo a thabhairt ó láthair na tubaiste.